Foirm iarratais ar

# Chlár um Fhilleadh ar Oideachas:

Scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas (Rogha Dara Leibhéal agus Rogha Tríú Leibhéal), Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha.

**Is gá Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) a bheith agat sula ndéanfaidh tú iarratas.**

**Conas is ceart an fhoirm iarratais seo a líonadh.**

- Stróic an leathanach seo den fhoirm, le do thoil, agus bain feidhm as mar threoir chun an fhoirm seo a líonadh.
- Freagair **na ceisteanna go léir**. Cuirfear iarratais neamhiomlána ar ais chugat agus féadfaidh sé seo moill a chur ar d'iarratas.
- Bain feidhm as peann gránbhiorach **DUBH**, le do thoil.
- Bain feidhm as BLOCLITREACHA agus cuir X sna boscaí cuí, le do thoil.
- **Ní mór duit** d'iarratas a chur faoinár mbráid in éineacht leis an sonraí de do chúrsa coláiste roimh dháta tosaigh do chúrsa staidéir. (Má tá do chúrsa tosaithe cheana, tabhair breac-chuntas ar an bhfáth leis an iarratas déanach, le do thoil).
- Féadfar d'iarratas a tharchur chuig Cásoifigeach Gníomhachtúcháin na Roinne. Tar éis dul i gcomhairle leat, déanfar cinneadh ar ábharthacht fostaíochta an chúrsa a roghnaigh tú. Thairis sin, inseoidh Oifigeach Breithiúnachta duit an gcomhlíonann tú critéir intofachta scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas agus tabharfar breac-chuntas ar cibé faisnéis bhreise nó cibé cáipéisí breise a fhéadfaidh a bheith riachtanach. Ní dhéanfar cinneadh iomlán ar do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas go dtí go mbeidh deireadh leis an bpróiseas trípháirteach seo (san áit ar cuí sin).
- Is í Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) a phróiseálann na hiarratais ar Scéim na nDeontas do Mhic Léinn. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.studentfinance.ie**.
- Ní féidir an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus cuid na cothabhála de Dheontas do Mhac Léinn a fháil san am céanna. Is féidir, áfach, go mbeidh tú intofa do tháille na seirbhísí do mhic léinn agus/nó do tháillí teagaisc faoi Scéim na nDeontas do MhicLéinn.
- Tabhair do d'aire, le do thoil, maidir le duine a raibh iomarcaíocht dheonach á fáil aige/aici, nach bhfuil teacht láithreach aige/aici ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.

Líon **na Codanna** go léir de réir mar a bhaineann siad leat. Sínigh an dearbhú i **gCuid 1** nuair a bheidh an fhoirm líonta agat

Má theastaíonn aon chabhair uait chun an fhoirm seo a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, le d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, le do Lárionad Intreo áitiúil nó le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

## Conas is ceart an chéad leathanach den fhoirm seo a líonadh

Chun cuidiú linn ó thaobh d'éileamh a bhreithniú:

- Priontáil na litreacha agus na huimhreacha go soiléir.
- Cuir carachtar amháin (litir nó uimhir) i ngach bosca.

Féach ar an sampla thíos, le do thoil.

| | |
|---|---|
| **1. D'Uimhir PSP:** | 1 2 3 4 5 6 7 T |
| **2. Teideal:** (cuir 'X' nó sonraigh) | Uas. ☐ Bn. ☒ Iníon ☐ Eile ☐ |
| **3. Sloinne:** | U Í M H U R C H Ú |
| **4. Ainm(neacha):** | M Á I R Í N |
| **5. D'ainm mar atá sé ar do theastas breithe:** | M Á I R E |
| **6. Sloinne breithe:** | N I C D H I A R M A D A |
| **7. Do dháta breithe:** | 2 8 (L L) 0 2 (M M) 1 9 7 0 (B B B B) |
| **8. Sloinne breithe do mháthar:** | N Í C H E A L L A I G H |

## Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| **9. Do sheoladh:** | 1 S R Á I D N U A |
| | S E A N B H A I L E |
| | B A I L E D H Ú N N A N G A L L |
| Contae | D H Ú N N A N G A L L |
| Postchód | |
| **10. D'uimhir ghutháin:** | U I M H I R A M H Á I N I N |
| | GUTHÁN PÓCA |
| | A G H A I D H A N B H O S C A |
| | LÍNE THALÚN |
| **11. Do sheoladh ríomhphoist:** | C A R A C H T A R A M H Á I N I N |
| | A G H A I D H A N B H O S C A |

SAMPLA

Foirm iarratais ar

# Chlár um Fhilleadh ar Oideachas

## Cuid 1 — Do shonraí féin

**1. D'Uimhir PSP:** [ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ]

**2. Teideal:** (cuir 'X' nó sonraigh) Uas. [ ] Bn. [ ] Iníon [ ] Eile [ ]

**3. Sloinne:**

**4. Ainm(neacha):**

**5. D'ainm mar atá sé ar do theastas breithe:**

**6. Sloinne breithe:**

**7. Do dháta breithe:** L L / M M / B B B B

**8. Sloinne breithe do mháthar:**

## Sonraí Teagmhála

**9. Do sheoladh:**

Contae

Postchód

**10. D'uimhir ghutháin:** GUTHÁN PÓCA / LÍNE THALÚN

**11. Do sheoladh ríomhphoist:**

## Dearbhú

Dearbhaím gur fíor agus gur críochnúil an fhaisnéis a thugaim ar an bhfoirm seo. Tuigim go mbeidh orm aon íocaíocht a fhaighim ón Roinn a aisíoc agus gur féidir go n-ionchúiseofar mé má bhíonn aon chuid den fhaisnéis uaim bréagach nó míthreorach nó mura nochtaim aon fhaisnéis ábhartha. Geallaim go n-inseoidh mé láithreach don Roinn é má thagann aon athrú ar mo dhálaí a fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar mo theidlíocht leantach.

**Síniú** (**ná húsáid** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

**Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú faisnéis siar, féadfar thú a ionchúiseamh agus dá thoradh sin féadfar fíneáil, tréimhse phríosúnachta nó iad araon a ghearradh ort.**

**12. Má tá do chúrsa tosaithe cheana, tabhair breac-chuntas ar an bhfáth leis an iarratas déanach:**

**13. Tabhair sonraí, le do thoil, de gach cúrsa dara leibhéal agus gach cúrsa tríú leibhéal atá críochnaithe agat agus an bhliain nó na blianta a bhfuair tú gach cáilíocht:**

**Cúrsa 1**

An cineál cúrsa:

An bhliain a bhfuarthas: B B B B

An cháilíocht a fuarthas:

Sonraigh an cineál dámhachtana, le do thoil: ☐ Iomlán ☐ Mórábhar ☐ Mionábhar ☐ Sainchuspóireach

**Cúrsa 2**

An cineál cúrsa:

An bhliain a bhfuarthas: B B B B

An cháilíocht a fuarthas:

Sonraigh an cineál dámhachtana, le do thoil: ☐ Iomlán ☐ Mórábhar ☐ Mionábhar ☐ Sainchuspóireach

**Cuir cóip de gach cáilíocht oideachais a fuarthas go dtí seo faoi iamh leis an bhfoirm seo, le do thoil.**

**Tabhair do d'aire: is féidir feidhm a bhaint as leathán páipéir ar leith i gcomhair sonraí breise más gá sin.**

Áirítear leis na samplaí de cháilíochtaí an Teastas Sóisearach, an Mheánteistiméireacht nó an Ardteistiméireacht, cúrsaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ/QQI) suas le leibhéal 6 nó cúrsaí tríú leibhéal amhail Céim, Céim Onóracha, Ardteastas san Oideachas, Dioplóma Iarchéime nó Máistreacht (Máistir Ealaíon) nó cáilíochtaí in aon tír eile. Déanann Aitheantas ar Cháilíochtaí, arb éard is ann ná cuid de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ/QQI), éascaíocht d'aitheantas acadúil ar cháilíochtaí coigríche in Éirinn.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.qqi.ie** nó cuir glao ar **01 9058100**.

Ba chóir duit daingniú i scríbhinn ón Údarás seo a chur ar fáil i dtaca le haon cháilíocht a fuarthas lasmuigh d'Éirinn.

**14. Cén taithí oibre atá agat?** (tabhair sonraí d'fhostaíocht roimhe seo, más ann di)

Ainm an fhostóra:

Seoladh an fhostóra:

Teideal an phoist:

Dátaí ar oibrigh tú ann:

Ó:

Go:

L L M M B B B B

## Cuid 2 Do shonraí íocaíochta

**Is féidir leat d'íocaíocht a fháil in oifig an phoist a roghnaíonn tú nó go díreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais. Ní mór an cuntas a bheith i d'ainm féin nó i gcomhsheilbh agat le duine eile. Ar mhiste leat rogha amháin a líonadh thíos.**

### Institiúid Airgeadais

Gheobhaidh tú na sonraí seo a leanas ar ráitis ó d'institiúid airgeadais.

Ainm na hinstitiúide airgeadais:

Cód Aitheantóra an Bhainc (BIC):

Uimhir Idirnáisiúnta an Chuntais Bhainc (IBAN):

Ainm(neacha) shealbhóir(í) an chuntais):

Ainm 1:

Ainm 2 (más ann dó):

### Oifig an Phoist

**Cuir anseo thíos, le do thoil, ainm agus seoladh oifig an phoist inar mian leat d'íocaíocht a bhailiú.**

Ainm Oifig an Phoist:

Seoladh Oifig an Phoist:

## Cuid 3 — Sonraí den scoil nó den choláiste

**Tabhair sonraí den chúrsa ba mhaith leat a dhéanamh, le do thoil:**

**15. Ainm na scoile nó an choláiste:**

**16. Seoladh na scoile nó an choláiste:**

**17. Cad é an cúrsa:**

☐ Cúrsa Dara Leibhéal ☐ Bonnchúrsa nó Cúrsa Rochtana Tríú Leibhéal ☐ Cúrsa Fochéime Tríú Leibhéal ☐ Cúrsa Faofa Iarchéime

**Cuir cóip de do thairiscint chúrsa, d'iarratas Lár-Oifige Iontrála (LOI/CAO) nó cóip den leathanach gréasáin a fhógraíonn an cúrsa, faoi iamh leis an bhfoirm seo, le do thoil.**

**18. An cúrsa lánaimseartha nó páirtaimseartha é?:** ☐ Lánaimseartha ☐ Páirtaimseartha

**19. Luaigh, le do thoil:**

Teideal an chúrsa:

Leibhéal cáilíochta:

Cineál dámhachtana: ☐ Iomlán ☐ Mórábhar ☐ Mionábhar ☐ Sainchuspóireach

Foras cáiliúcháin:
(mar shampla HETAC, FETAC, BTEC nó Coláiste)

Cá fhad a mhaireann an cúrsa: ☐ bliain/bliana

Sonraigh bliain reatha an chúrsa: ☐ An Chéad Bhliain ☐ An Dara Bliain ☐ An Tríú Bliain ☐ An Ceathrú Bliain

Dáta tosaigh an chúrsa: L L / M M / B B B B

Dáta críche an chúrsa: L L / M M / B B B B

**20. Ar fhreastail tú ar an gcúrsa seo roimhe seo?**

☐ D'fhreastail ☐ Níor fhreastail

Má d'fhreastail, tabhair sonraí, le do thoil:

**21. Ar fhreastail tú roimhe seo ar chúrsa a bhí coibhéiseach leis an gcáilíocht chéanna?**

☐ D'fhreastail ☐ Níor fhreastail

**Má d'fhreastail, cuir cruthúnas ar an mbliain ar ghnóthaigh tú an cháilíocht seo faoi iamh leis an bhfoirm seo, le do thoil.**

**Tabhair faoi deara**

**Má tá teidlíocht agat ar an gClár um Fhilleadh ar Oideachas, iarrfar ort daingniú a chur ar fáil ó Oifig an Chláraitheora/ Oifig na nIontrálacha/ Oifig Thaifid na Mac Léinn de chuid do scoile nó do choláiste go bhfuil tú cláraithe mar mhac léinn lánaimseartha. Ba chóir go gcuimseodh an litir seo dáta tosaigh agus dáta críche an chúrsa staidéir sa bhliain acadúil reatha. Ní bhfaighidh tú an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas ach nuair a bheidh an fhaisnéis seo tugtha agat.**

## Sonraí den ioncam leasa shóisialaigh

**22. Luaigh, le do thoil, an fáth a measann tú go méadóidh an cúrsa oideachais seo do dheiseanna athfhostaíochta agus go mbaineann sé le hábhar maidir le haon phlean um dhul chun cinn a comhaontaíodh leis an Roinn:**

**23. An bhfaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh?** ☐ Faigheann ☐ Ní fhaigheann

**24. Má fhaigheann, cad í an íocaíocht a fhaigheann tú?**

**25. Cá fhad atá an íocaíocht seo á fáil agat?** mí

**26. Ainm na hoifige a íocann an íocaíocht seo:**

**28. Mura bhfaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh, an ceachtar den dá shaghas duine thíos thú?**

☐ Cleithiúnaí ar íocaíocht leasa shóisialaigh do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora.

☐ Duine a shíníonn i gcomhair creidmheasanna nó a chuireann teastais dhochtúra isteach chun críocha creidmheasa.

**29. Cad í Uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora?:**

**30. An bhfaigheann tú méadú i leith do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora?**

☐ Faigheann ☐ Ní fhaigheann

Má fhaigheann, an mian leat leanúint den mhéadú seo a fháil?

☐ Is mian ☐ Ní mian

**31. An bhfaigheann tú méadú i leith do leanaí cleithiúnacha?**

☐ Faigheann ☐ Ní fhaigheann

Má fhaigheann, an mian leat leanúint den mhéadú seo a fháil?

☐ Is mian ☐ Ní mian

## Cuid 5 Faisnéis bhreise

**32. An bhfuil páirt glactha agat in aon cheann díobh seo a leanas:**

- ☐ Cúrsa SOLAS/FET (Breisoideachas agus Oiliúint)
- ☐ SDOG/VTOS
- ☐ Scéim Fostaíochta Pobail (FP/CE)/ Scéim Shóisialta na Tuaithe
- ☐ Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas
- ☐ JobBridge/Intéirneacht
- ☐ Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Tionscnamh Post SOLAS/FET (Breisoideachas agus Oiliúint), Postchúnamh, Liúntas Gearrthréimhseach Fiontraíochta, Tús, BOO/ETB (Bord Oideachais agus Oiliúna), Solas, Tairseach (Gateway), Móiminteam (Momentum), Lingchlár (Springboard), Postchonair (JobPath).

Dátaí a raibh tú ar an scéim nó ar an gcúrsa seo thuas:

Ó: ☐☐ ☐☐ ☐☐☐☐

Go: ☐☐ ☐☐ ☐☐☐☐

L L M M B B B B

**33. An bhfaigheann tú aon cheann de na sochair thánaisteacha seo a leanas?**

☐ Liúntas Breosla ☐ Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste

**34. An bhfuil an Iomarcaíocht Reachtúil dáfa le déanaí duit?**

☐ Tá ☐ Níl

**Má tá, cuir fótachóip de do cháipéis iomarcaíochta (RP 50) faoi iamh leis an bhfoirm seo, le do thoil.**

**35. An bhfuil iarratas déanta agat ar an Deontas Cothabhála do Mhac Léinn?**

☐ Tá ☐ Níl

**36. Sa spás a chuirtear ar fáil, tabhair, le do thoil, sonraí d'aon fhaisnéis bhreise a bhfhéadfar gur mian leat í a thabhairt maidir le d'iarratas.**

| |
|---|
| |

## Cuid 6 Cá seolfar d'iarratas

| Má fhaigheann tú aon cheann de na híocaíochtaí seo a leanas: | Cuir an fhoirm seo mar aon leis na sonraí de thairiscint an choláiste chuig: |
|---|---|
| • Sochar Cuardaitheora Poist<br>• Liúntas Cuardaitheora Poist<br>• Cúnamh Feirme<br>• Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (á híoc ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil) | **Do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil** |
| • Sochar Breoiteachta | **Rannóg an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas**<br>Rannóg an tSochair Bhreoiteachta<br>Áras Mhic Dhiarmada<br>Sráid an Stórais<br>Baile Átha Cliath 1<br>Guthán: 01 704 3294 nó 01 704 3696 |
| • Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (á híoc ag na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach)<br>• Sochar do Bhanchéile Tréigthe<br>• Liúntas do Bhanchéile Tréigthe<br>• Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)<br>• Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)<br>• Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh<br>• Pinsean na nDall | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí<br>Seirbhísí Leasa Shóisialaigh<br>Bóthar an Choláiste<br>Sligeach<br>Guthán: 071 915 7100<br>Íosghlao: 1890 500 000<br>Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 915 7100, le do thoil |
| • Pinsean Easláine<br>• Liúntas Míchumais<br>• Forlíonadh Éagumais<br>• Liúntas Cúramóra | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí<br>Seirbhísí Leasa Shóisialaigh<br>Bóthar Bhéal Átha na Lao<br>An Longfort<br>Guthán: 043 334 0000<br>Íosghlao: 1890 927 770<br>Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 43 334 0000, le do thoil |

**Tabhair faoi deara**, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao)

## Cuimhnigh, le do thoil, ar an Dearbhú i gCuid 1 a shíniú.

**Má bhíonn aon fhadhb agat ó thaobh an fhoirm seo a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, le d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.**

## D’úsáid oifigiúil amháin

## Le líonadh ag do Lárionad Intreo áitiúil nó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

**Códuimhir den Lárionad Intreo áitiúil nó den Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil:** ☐☐☐

**Iarratas ar (cuir tic leis):** ☐ Rogha Dara Leibhéal ☐ Rogha Tríú Leibhéal ☐ Iarchéim Fhaofa ☐ Oideachas, Oiliúint & Forbairt

**Luaigh cineál na híocaíochta:** ☐ Liúntas Cuardaitheora Poist (JA) ☐ Sochar Cuardaitheora Poist (JB) ☐ Creidmheasanna ☐ Eile

**Éileamh nua ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas sa bhliain 2015/16?** ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Aois intofa?** ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Iomarcaíocht Reachtúil?** ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Cúrsa faofa?** ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Éileamh déanach?** ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Dul Chun Cinn san Oideachas?** ☐ Is ea ☐ Ní hea Tabhair faoi deara: Tarchuir chuig Cásoifigeach

**Luaigh Tréimhsí Dífhostaíochta agus Iomlán Carnach (IC), le do thoil::**

| Ó: | Go: | IC: |
|---|---|---|
| Ó: | Go: | IC: |
| Ó: | Go: | IC: |

**Tabhair sonraí de thréimhsí a caitheadh ar: SOLAS, Fostaíocht Phobail, SDOG/VTOS (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais), Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Tionscnamh Post, Postchúnamh, Tús, Intéirneacht Náisiúnta JobBridge nó Tairseach(Gateway).**

| Cineál : | | | |
|---|---|---|---|
| | Ó: | Go: | IC: |
| | Ó: | Go: | IC: |
| | Ó: | Go: | IC: |

Iomlán na laethanta IC i dtaca le Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas ☐☐☐

Intofa do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas ☐ Is ea ☐ Ní hea

Tarchur chuig Cásoifigeach ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Síniú** an oifigigh chinntithigh (**ná húsáid** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

# D'úsáid oifigiúil amháin

## Le líonadh ag cásoifigeach - moladh ó thaobh Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas

Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas molta ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Más ea, tabhair breac-chuntas ar an bhfáth nó na fáthanna leis an moladh, le do thoil:**

**Murab ea, tabhair an fáth nó na fáthanna, le do thoil:**

**Faisnéis ábhartha eile:**

**Síniú** an chásoifigigh (**ná húsáid** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

**Stampa Oifigiúil Intreo**

## Le líonadh ag oifigeach breithiúnachta i do Lárionad Intreo áitiúil

☐ Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas dáfa ☐ Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas diúltaithe

Cinneadh eisithe: ☐ Is ea ☐ Ní hea

Dáta tosaigh: L L / M M / 2 0 B B

Nuashonrú ar chód ISTS ☐ Is ea ☐ Ní hea

TLA nuashonraithe ☐ Is ea ☐ Ní hea

**Síniú** an oifigigh bhreithiúnachta (**ná húsáid** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

**Ráiteas ar Chosaint Sonraí**

**Coinneoidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina rún an fhaisnéis ar fad agus na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn. Is cóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfar faisnéis a mhalartú le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile de réir an dlí.**

Is mar threoir amháin a úsáidtear na mínithe agus na téarmaí san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dleathach iad.